C/2023/1187

24.11.2023

Foilsiú an doiciméid aonair dá dtagraítear in Airteagal 94(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus na tagartha d'fhoilsiú na sonraíochta táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona

(C/2023/1187)

Leis an bhfoilsiú sin tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Wiener Gemischter Satz'

PDO-AT-02593

Dáta cur i bhfeidhm: 21.2.2020

1. **Ainm le clárú**

   Wiener Gemischter Satz

2. **Cineál táisc gheografaigh**

   ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

   1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

   Is modh traidisiúnta é 'Wiener Gemischter Satz' (Sraith Mheasctha Víneach) chun fíon geal a tháirgeadh i Vín. Déantar cineálacha éagsúla fíonchaor a chuirtear sa limistéar céanna a bhuain agus a phróiseáil le chéile. Ar an gcúis sin, bunaíodh tionscnamh tipiciúil fíona leis an ainm 'Wiener Gemischter Satz', ar féidir tuairisc a thabhairt air mar a leanas:

   Dath: Óltar ATFC 'Wiener Gemischter Satz' go heisiach mar fhíon geal óg. Tá éagsúlacht ina speictream dathanna, ó dhath geal agus beagnach trédhearcach trí dhath ór glas go buí éadrom ar dhath na tuí.

   Cumhracht: Faightear cumhracht ATFC 'Wiener Gemischter Satz' trí chineálacha aibithe luatha agus aibithe déanacha a chumasc (cineálacha a bhuaintear agus a phróiseáiltear an tráth céanna). Dá bharr sin, tá meascán de chineálacha aibithe luath (torthaí póma, go háirithe úlla, piorraí agus cainchí) agus de chineálacha aibithe déanacha (féar, luibheanna, bláthanna, féar tirim agus tuí) mar shaintréith den fhíon.

   Blas: Sa chás sin freisin, tá an meascán comhdhéanta de chineálacha aibithe luatha agus aibithe déanacha agus an iliomad blasanna, go príomha blas piorra, úill, citris agus, go hannamh, blas torthaí coimhthíocha (banana, anann, fige).

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	15,0
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	9,0
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,0 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18,0
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	200,0

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

5. **Cleachtais déanta fíona**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

—

b. *Uastáirgeacht*

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh ‘Wiener Gemischter Satz’ cúige Vín.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

Bouvier

Chardonnay – Morillon

Frühroter Veltliner - Malvasier

Furmint

Goldburger

Grauburgunder – Pinot Gris

Grauburgunder – Ruländer

Green Veltliner – Weißgipfler

Jubiläumsrebe

Muscat Ottonel

Muskateller - Gelber Muskateller

Muskateller - Roter Muskateller

Müller-Thurgau – Rivaner

Neuburger

Red Veltliner

Rotgipfler

Sauvignon Blanc

Scheurebe - Sämling 88

Sylvaner - Grüner Sylvaner

Traminer - Gelber Traminer

Traminer - Gewürztraminer

Traminer - Roter Traminer

Weißer Burgunder - Klevner

Weißer Burgunder - Pinot Blanc

Weißer Burgunder - Weißburgunder

Weißer Riesling - Rheinriesling

Weißer Elbling – Riesling

Welschriesling

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Aeráid: Saintréith den aeráid i limistéar táirgthe fíona chúige Vín is ea tionchair mhuirí ón iarthar agus tionchair ilchríochacha ón oirthear (aeráid idirthréimhseach). Bíonn an geimhreadh níos séimhe ná i limistéir eile den Ostair, titeann níos lú báistí agus bíonn tréimhsí tirime níos faide ann.

Dálaí ithreach: Tá réimse leathan ithreacha i Vín. Tá ithreacha cailceacha forleathan sa tuaisceart, iad fite fuaite le sraitheanna cré agus lóis. I ndeisceart an chúige, tá ithreacha reinsíne, ithreacha cré doinne agus duibhe ann den chuid is mó, le sraitheanna cailce agus gairbhéil.

Achoimre

1) Cruthaíonn dálaí ithreach an-difriúil thar limistéar geografach an-bheag leibhéil éagsúla aibíochta na bhfíonchaor agus dá bhrí sin bíonn blasanna difriúla ag fíonchaora den chineál céanna. Mar sin féin, is iondúil gur fearr le tomhaltóirí blas aonfhoirmeach sna fíonta, go háirithe nuair a chuirtear ar fáil iad i dtábhairní fíona traidisiúnta a bhíonn á n-oibriú ag na táirgeoirí, tábhairní ar a dtugtar *Heurigen*.

2) Dá bhrí sin, ní chuirtear fíonchaora de réir cineáil i Vín, arb é an gnáthchleachtas é san Ostair, ach saothraítear cineálacha éagsúla i bhfíonghort amháin agus baintear le chéile iad. Tugann an meascadh sin an blas aonfhoirmeach inmhianaithe, agus déantar fíon a tháirgtear ar an mbealach sin a mhargú go traidisiúnta faoin ainm 'Gemischter Satz' (toisc go gcuirtear meascán de chineálacha éagsúla le chéile i bhfíonghort amháin).

3) Dá bhrí sin, is iad gnéithe tipiciúla ATFC 'Wiener Gemischter Satz' is toradh le baint agus próiseáil chomhuaineach fíonchaor ag a bhfuil leibhéil éagsúla aibíochta, leibhéil is toradh le héagsúlacht mhór na gcineálacha ithreach i Vín. Mínítear leis sin freisin an iliomad dea-bholaithe éagsúla atá le fáil in ATFC 'Wiener Gemischter Satz', mar a thuairiscítear cheana faoin roinn thuas 'Tuairisc ar an bhFíon'.

Tosca daonna

1) Fíonghoirt a shaothrú ina bhfuil cineálacha éagsúla agus iad a bhuain an tráth céanna (agus céimeanna aibithe éagsúla acu), is cleachtas é sin nach ndéantar ach amháin i Vín agus nach bhfaightear in áit eile san Ostair a thuilleadh. Is traidisiún é an fios gnó faoi chomhdhéanamh na bhfíonghort i dtéarmaí cineálacha fíonchaor – a fhreagraíonn dá gcineálacha ithreach – a choimeádtar ar bun agus a chuirtear ar aghaidh i Vín ó ghlúin go glúin. An chaoi a gcaitear fíon i Vín de ghnáth, go háirithe ól 'Wiener Gemischter Satz' i dtábhairní fíona traidisiúnta, cuidíonn sí leis an modh saothraithe traidisiúnta sin a neartú.

2) Glactar leis gur chun críoch riosca a íoslaghdú a tugadh isteach cur na gcineálacha éagsúla san fhíonghort céanna. De réir mar a imoibríonn gach cineál ar bhealach éagsúil le sioc, teas nó an iomarca taise, chabhraigh modh saothraithe 'Gemischter Satz' le táirgeacht agus cáilíocht a áirithiú. De bharr amanna bláthaithe éagsúla na gcineálacha, ní chailltear iomlán an fhómhair de dheasca drochaimsire le linn na tréimhse bláthaithe riamh.

   Dá bhrí sin, is féidir teacht ar an gconclúid, i limistéar fíonsaothrúcháin Vín, go dtugann na coinníollacha maidir leis an ainmniúchán traidisiúnta 'Gemischter Satz', i gcomhar leis an gcaoi a dtáirgtear na fíonta, an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Wien' (Vín) agus an téarma traidisiúnta 'Gemischter Satz' le chéile údar leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Wiener Gemischter Satz', de bhun Airteagal 93(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

—

Nasc chuig an ainmniúchán táirge

https://info.bml.gv.at/themen/landwirtschaft/landwirtschaft-in-oesterreich/pflanzliche-produktion/wein/Weinherkunft.html